

# Síolta Creidimh

Ag tacú le teaghlaigh Eanáir/Feabhra 2016

## Saol an Teaghlaigh



An cuimhin leat an scéal faoi Íosa agus Zacchaeus – is féidir leat é a fháil i Lúcás 19:1-10. Ba mhian le Zacchaeus Íosa a fheiceáil ach níorbh fhéidir leis féachaint thar an slua mar go raibh sé chomh beag sin. Ní raibh gean an phobail ar Zacchaeus ach oiread. Ba bhailitheoir cánach é agus bhí iomrá air go nglacfadh sé níos mó airgid uadh na daoine ná mar a ba chóir. Mar sin ní raibh Zacchaeus ábalta a rá le daoine ligean dó bogadh chun tosaigh sa slua chun Íosa a fheiceáil. Mhothaigh sé nach n-éistfeadh éinne leis nó go dtabharfadh siad spás dó. Dhreap sé suas ar chrann mar sin. Nuair a fheiceann Íosa Zacchaeus glaonn sé anuas air agus baineann sé geit as gach duine atá i láthair ag rá "Zacchaeus, tiocfaidh mé chuig do theach inniu!" Go minic sa soi-scéal feictear Íosa ag roinnt béilte le daoine, go díreach mar a dhéanann sé le Zacchaeus. Léiríonn Íosa go bhfuil tábhacht le daoine, go bhfuil cion aige orthu cibé rud atá cearr ina saol nó cibé a rinne daoine.

Mar fhreagra ar chairdeas Íosa deir Zacchaeus go n-íocfadh sé ar ais daoine a ghlac sé airgead uathu go héagórach agus airgead a thabhairt do na bochtáin. Chuidigh grá Íosa le Zacchaeus a bheith ina dhuine maith, a chruthaigh Dia. Bí-onn tábhacht le béilí – ag suí le daoine, ag roinnt bia, ag labhairt, ag gáire le chéile, ag mothú ar ár sócúlacht le chéile. Bíonn macallaí de seo ag gach béile a roinneann muid mar theaghlach agus gach Eocairist a chéiliúrann muid le chéile. Ní taisme ar bith é gur roghnaigh Íosa comhthéacs an béile chun é féin a chur inár lámha – seo mo chorp, seo mo fhuil, déanaigí seo i gcuimhne ormsa.



## Bliain Iubhaile na Trócaire

Caitheann Íosa le Zacchaeus le grá nach bhfuil na daoine thart air ag súil leis. Féachann sé thar iompar amhrasach Zacchaeus agus bíonn grá aige don duine os a chomhair. Mar gheall ar an ghrá seo sáinníodh Zacchaeus leis an dúshlán go bhfuil air athrú - agus athraíonn sé, ní mar gheall ar bhéicíl nó mar gheall ar phionós nó mar gheall ar bhagairtí ach mar gheall ar ghrá. Seo grá na trócaire atá an Pápa Francis ag tabhairt aird air i mBliain na Trócaire seo. Ar son tuilleadh acmhainní ar Bhliain na Trócaire féach ar **www.catholicireland.net**

## Ag urnaí mar theaghlach

Cén leabhar is fearr dár léigh tú ariamh nó cén scéal is fearr dár chuala tú ariamh? An raibh tú ábalta a shamhailt cad é a bhí ag tarlú sa scéal? An raibh íomha agat i d'intinn de na príomhcharachtair, an áit, an t-atmasféar? Is féirín ó Dhia í do shamhlaíocht agus is féidir leis an Spiorad Naomh oi-briú tríd do shamhlaíocht chun beocht a chur sna scrioptúir duit.
Is féidir leat seo a thriail leis an scéal faoin Suipéar Dheireanach
Socraigh tú féin chun guí agus go mall léigh tríd an scéal faoin Suipéar Dheirneanach (Lúcás 22:7-23) roinnt uaireanta.

- Samhlaigh go bhfuil tú sa seomra uachtarach
- Amharc ar an seomra – cad é a bhfuil sé cosúil leis?
- Cé eile atá i láthair? Amharc ar a n-aghaidheanna, ar a n-éadach.
- Socraigh síos ag an tábla leis na daoine eile. Cad é atá ar an tábla – cad is féidir leat a fheiceáil nó an boladh atá ann?
- Cad is féidir leat baint de le do lámh, éadach na gcúisíní, adhmad an tábla, na cupáin, na plátaí?
- Éist leis na glórtha. Cé atá ag caint, cad é atá a rá?
- Amharc ar Íosa agus é ag tógáil an fhíon agus ansin ag tógáil an aráin.
- Éist le cad atá a rá ag Íosa.
- Cad é mar a thugann na daoine eile timpeall an tábla freagra ar Íosa?
- Tabhair faoi deara do fhreagra féin ar an eachtra.
- Lig duit freagra a thabhairt, labhairt le hÍosa – cad é a ba mhaith leat a rá leis? Labhair ó do chroí.
- Tar ar ais ó do shamhlaíocht chuig an réadúlacht sa seomra ina bhfuil tú agus smaoinigh ar an scrioptúr seo agus cad a chuala tú as.
- Abair paidir buíochais le Dia don bhronntanas dá Bhriathar Naofa.
- Smaoinigh ar an phíosa scrioptúr seo an chéad uair eile a fhaigheann tú Comaoineach Naofa ag an Aifreann, cuimhnigh ar d'eispéireas den Suipéar Dheireanach.

## Soiscéalta mhí Eanáir is Feabhra

An cuimhin leat do chéad lá ar scoil? Nó an chéad am a ndeachaigh tú chuig gníomhaíocht, ranganna damhsa nó karate nó gasóga? Seans go raibh aithne agat ar roinnt daoine ansin ach bhí strainséirí ann fosta. An cuimhin leat cuid acu? Cad é a shíl tú dóibh ar dtús? Ansin tar éis duit éisteacht leo nó coimhéad orthu thug tú faoi deara go raibh nó nach raibh dúil agat iontu!



Is féidir leat spraoi a bheith agat ag samhlú go bhfuil tú i measc na ndaoine sna scéalta soiscéil, nó ag éisteacht leo nó ag féachaint orthu ó chúl crainn. Féach ar an lorg a fhágann Íosa orthu siúd a chastar air.

24/1 Lúcás 1:1-4, 4:14-21 Cuireann Íosa tús le teagasc agus craobhscaoileadh
31/1 Lúcás 4:21-30 Spreagann Íosa freagra naimhdeach
7/2 Lúcás 5:1-11 Glaonn Íosa ar a chéad dheisceabail
14/2 Lúcás 4:1-13 Cuirtear Íosa faoi teist – an chéad Domhnach den Charghas
21/2 Lúcás 9:28-36 "Is aoibhinn é dúinn a bheith anseo"

28/2 Lúcás 13:1-9 An dushlán an cinneadh ceart a dhéanamh inniu.

## Spás naofa



Sa spás naofa an mhí seo thiocfadh leat rudaí a chur ann a chuireann tábhacht béilte agus bia i gcuimhne duit – pláta, cupán, grianghraif den bhia is fearr leat, grianghraif de bhéiltí speisialta a roinn tú le do theaghlach. Mar go gcuirtear tús le Carghas i mí Feabhra thiocfadh leat bosca Trócaire a chur ansin le cur i gcuimhne duit go bhfuil dúshlán romhainn mar Chríostaithe roinnt leo siúd nach bhfuil mórán acu.

Spiorad Dé
Gabhann muid buíochas leat as ucht na ndóigheanna a bhfuil tú fite fuaite inár laethanta.
Cuidigh linn an t-iontas a fheiceáil – béile roinnte, gortú cneasaithe, póg tugtha agus ag aithint do láithreacht i saol an teaghlaigh, tuiscint níos doimhne a bheith againn ar do láithreacht sa scrioptúr agus sna sacraimintí.



Áimeán

Nach breá leat é nuair a dhéanann duine rud éigin deas duit le hithe? Seo oideas simplí le déanamh agus le roinnt! (faigh cuidiú ó dhuine fásta, más gá)



**Taos arán bán/taos píotsa**
750g plúr geal láidir
2 taespúnóg salainn
Mála amháin 7g giosta furasta
2 spúnógthábla d'ola olóige
450ml uisce te

Measc an plúr, salainn agus giosta go léir agus ansin cuir an t-ola olóige agus an t-uisce. Measc go maith iad agus cuir an taos amach ar thábla plúraithe. Fuin an taos ar feadh 5 bomaite – a shíneadh amach agus a rolláil ar ais, a thiontadh. Ansin, cuir i mbabhla é agus clúdaigh le scannán cumhdaithe é a bhfuil ola curtha air. Fág an taos sa bhabhla seo ar feadh uair a chloig, ar a laghad (clúdaithe le scannán cumhdaithe olach). Fuin an taos arís ar feadh bomaite. Déan builín amháin nó dhá cheann, cuid mhór rollóga beaga nó cruthanna greannmhara nó cruthanna piotsa. Is féidir rudaí áirithe a chur ar bharr an phiotsa. Chun piotsa a chócaireáil cuir ar thrádaire le ola air é san oigheann gas 7 / 220ºC ar feadh 10-12 bomaite. Abair le duine fásta cuidiú leat leis an oigheann. Glacfadh builín tamall níos faide ach ba cheart dó fuaim tholl a bheith as nuair a bhuailtear bun an bhuilín go héadrom. Roinnt agus bain sult as!

## Clocha céime ar aistear an chreidimh



Tá an Eocairist i gcroí lár ár bhféiniúlacht agus cad a chreideann muid ann mar Chaitlicigh. Níl comhartha níos cumhachtaí de ghrá Dé dúinn ná go dtabharfadh Íosa, mac Dé a chorp agus a fhuil, a shaol ar ár son.

- Creideann muid san Eocairist go dtugann Íosa é féin dúinn ina chorp agus ina fhuil nuair a ghlacann muid Comaoineach Naofa.
- Nuair a roinneann muid círste breithlá mothaíonn muid go bhfuil muid páirteach sa cheiliúradh. Nuair a roinneann muid Corp Chríost is aontaithe sinne agus Íosa AGUS leo siúd go léir a roinneann Corp Chríost linn.
- Gach uair a roinneann muid san Eocairist agus nuair a fhaigheann muid Corp Chríost tugtar cuireadh dúinn ligeann dúinn féin athrú agus éirí níos mó de réir a chéile cosúil le Íosa.
- Is ceiliúradh agus obair an phobail chreidimh é an Eocairist, ní ceiliúradh agus obair an shagairt amháin é. Cuimhnigh gur bhailigh Íosa agus na deisceabail le chéile sa seomra uachtarach. Ní féidir le héinne ceiliúradh ina n-aonair. Tugtar cuireadh dúinn a bheith páirteach go hiomlán agus go gníomhach – ag éisteacht go machnamhach, ag tabhairt freagra go láidir, ag ceol, ag urnaí agus ag machnamh.
- Nuair a bhailíonn muid don Eocairist tá muid ag ceiliúradh gur glaodh orainn mar phobal. Tugtar cuireadh dúinn Comaoineach Naofa a ghlachadh agus Comaoineach Naofa a thógáil le chéile.
- Tugann an Eocairist deis dúinn altú a thabhairt do Dhia – buíochas a ghabháil leis ar son na mbeannachtaí go léir atá againn, na bealaigh uilig a bhfuil Dia i láthair agus gníomhach inár laethanta.
- Tugann Íosa é féin dúinn ionnas go dtig linn a dheisceabail a ghrá, a dhóchas, a shíochán agus a choir a roinnt le daoine eile sa phobal.

**Beidh an Carghas ag toiseacht ar 10u Mí Feabhra. Cad é a thiocfadh le do theaghlach a dhéanamh an Carghas seo le go dtuige sibh an Eocairist níos fearr agus cuidiú leat an méid atá agat a roinnt le daoine eile?**

- Déan iarracht faoi leith ithe le chéile mar chlann.
- Bí cinnte go bhfuil foin pocaí curtha ar leath taobh nuair a bhíonn sibh ag ithe le cheile!
- Béile iontach simplí a ithe le chéile lá amháin sa seachtain – anraith nó béile veigeatóra simplí.
- Smaoinigh ar cad a bheadh deacair faoi bheith ag ithe bia simplí. Tá cleachtadh againn ar ithe aon rud is mian linn. Cad é mar a mhothófá mura mbeadh aon rogha agat ach gnáthbhia a ithe?
- Má ullmhaíonn tú bia simplí sábhálóidh tú airgead. Thiocfadh an t-airgead sin a chur sa bhosca Trócaire nó chuig Cumann Naomh Uinseann de Pól gach seachtain.
- Abair paidir sula n-itheann tú agus i ndiaidh duit ithe. Buíochas simplí, ag gabháil buíochas le Dia ar son an bhia agus obair na ndaoine a chuidigh an bia a thabhairt go dtí an tábla. Nó seans a bheadh ann do do theaghlach machnamh ar bheannachtaí an lae agus na daoine uilig ar mhaith linn guí ar a son.
- Labhair faoi mar a chluintear macallaí de bhéilte san Eocairist.